C/2026/743

5.2.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/743)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Arribes'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0614-AM04 — 7.11.2025

1. **Ainm an táirge**

'Arribes'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia. Ard-Stiúrthóireacht um Bia. Fo-Ardstiúrthóireacht um Rialú Cáilíochta Bia agus um Shaotharlanna Agraibhia.

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann an t-údarás inniúil gur leasú caighdeánach é an leasú sin ar shonraíocht táirge ATFC 'Arribes'; ní féidir é a mheas mar leasú ar leibhéal an Aontais ós rud é nach gcomhfhreagraíonn sé d'aon cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha. Go sonrach: níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar na táirgí nó ar na catagóirí táirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach; níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní; níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

CINEÁL NUA FÍONA A THABHAIRT ISTEACH: FÍON ORÁISTE.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Cuireadh cineál nua fíona ar a dtugtar ‘fíon oráiste’ le catagóir 1, mar sin tá faisnéis curtha isteach maidir leis an tuairisc, leis an modh táirgthe agus leis an lipéadú.

Baineann an leasú seo le pointe 2(a) agus (b), pointe 3(b.1), pointe 3(c) agus pointe 8(b.3) den tsonraíocht táirge agus le pointí 6, 7.1 agus 11 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Ceannteideal

ATHRUITHE AR PHARAIMÉADAIR FHISICICEIMICEACHA

Tuairisc

Ardaíodh an uasteorainn aigéadachta luainí le haghaidh fíonta geala agus rosé a aosaítear thar 1 bhliain amháin.

Baineann an leasú sin le pointe 2(a) den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Ceannteideal

ATHRUITHE AR THUAIRISCÍ ORGÁNAILEIPTEACHA

Tuairisc

Cuireadh feabhas ar an tuairisc orgánaileipteach ar na fíonta geala agus ar na fíonta geala a choiptear i mbairillí.

Baineann an leasú sin le pointe 2(b) den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Ceannteideal

LEASÚ AR NA SRIANTA MAIDIR LEIS NA FÍONTA A DHÉANAMH

Tuairisc

Athraíodh foclaíocht na roinne maidir leis na srianta fíonóireachta le haghaidh fíonta geala, rosé agus dearga a mhéid a bhaineann le híoschéatadán na gcineálacha atá le húsáid sa táirgeadh.

Baineann an leasú sin le pointe 3(c.1) den tsonraíocht táirge agus le pointe 7.1 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Ceannteideal

CINEÁL NUA A THABHAIRT ISTEACH

Tuairisc

Cuireadh an cineál fíniúna gile Tijonera isteach.

Baineann an leasú sin le pointe 6(a) den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

Ceannteideal

CINEÁLACHA ÁIRITHE A ÚSÁID GO hEISCEACHTÚIL

Tuairisc

Ceadaítear úsáid na gcineálacha fíniúna Palomino agus Garnacha Gris, a cuireadh roimh an 1 Eanáir 1980 agus atá fite fuaite ar dháileachtaí talún cláraithe fíonghort, ar bhonn eisceachtúil.

Baineann an leasú sin le pointe 6(b) den tsonraíocht ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

ATHDHRÉACHTÚ AR AN ROINN MAIDIR LEIS AN NASC.

Tuairisc

Tugadh foclaíocht na roinne maidir leis an nasc cothrom le dáta chun tagairt don chineál a cuireadh isteach a chur san áireamh agus roinnt botún a cheartú, amhail ainmneacha cineálacha údaraithe áirithe a fágadh ar lár.

Baineann an leasú seo le pointí 7(a)(2) agus 7(d)(2) den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

FEABHAS AR AN bhFOCLAÍOCHT

Tuairisc

Ceartaíodh an fhoclaíocht, agus cuireadh 'údarás inniúil' in ionad 'comhlacht rialúcháin', toisc gurb é sin an t-eintiteas a luaitear.

Ar an gcaoi chéanna, faoi 'Modheolaíocht rialuithe', scriosadh an tagairt do 'údarás inniúil' toisc nach bhfuil gá léi.

Baineann an leasú seo le pointí 9(a) agus 9(b.2) den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Arribes'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-A0614-AM04 — 7.11.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Arribes'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód de chuid na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

FÍON — fíonta geala agus rosé

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

— Fíonta geala:

Dath buí agus imireacha idir liath agus órga orthu.

— Fíon a 'choiptear i mbairille':

Dathanna idir dath buí na tuí agus fordhathanna órga air.

— Fíon oráiste:

Fordhathanna ómra air.

— Fíonta *rosé*:

Dathanna idir bándearg éadrom agus dearg éadrom orthu.

— Fíonta *rosé* aosaithe:

Dath bándearg orthu, ag forbairt miondifríochtaí de réir mar a aosaíonn siad.

Dea-bholadh

— Fíonta geala:

Dea-bholaithe láidre orthu (gan aon locht) le ruainníní torthaíocha agus/nó bláthacha. Féadfaidh beagán mianrachta a bheith i gceist leo.

— Fíon a 'choiptear i mbairille':

Dea-bholaithe úra orthu le ruainníní deataithe tóstáilte atá measctha le ruainníní torthaíocha agus bláthacha a bhaineann go sonrach leis an gcineál, agus baineann déine mheasartha leis na tréithe sin.

— Fíon oráiste:

Dea-bholaithe torthaíocha agus/nó bláthacha air. Déine mheasartha, le himireacha torthaí cloiche nó torthaí citris uaireanta.

— Fíonta *rosé*:

Dea-bholaithe láidre orthu (gan aon locht) agus ruainníní torthaíocha den chuid is mó.

— Fíonta *rosé* aosaithe:

Dea-bholaithe úra orthu ina mbíonn bolaithe adhmaid agus torthaí cothromaithe ag brath ar fhad an phróisis aosaithe.

Blas

— Fíonta geala:

Úr agus aigéadacht chothrom ann.

— Fíon a 'choiptear i mbairille':

Aigéadacht chothrom, le ruainníní dea-struchtúrtha darach agus iarbhlas idir measartha agus fada air.

— Fíon oráiste:

Tathag níos láidre, le himireacha torthaí aibí uaireanta.

— Fíonta *rosé*:

Torthaíoch, le haigéadacht dhea-chomhtháite.

— Fíonta *rosé* aosaithe:

Bíonn siad dea-struchtúrtha agus bíonn cothromaíocht mhaith idir aigéadacht agus alcól acu chomh maith le hiarbhlas fada orthu.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,0
Aigéadacht iomlán íosta:	4,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

I bhfíonta faoi bhun 1 bhliain amháin d'aois: 0,7 g/l (11,67 meq/l)

I gcás fíonta atá níos sine ná 1 bhliain amháin: 0,7 g/l (11,67 meq/l) suas le neart alcóil 10 % de réir toirte + 0,06 g/l (1 meq/l) le haghaidh gach céime os cionn 10 % de réir toirte.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON — Fíonta dearga óga

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dathanna dearga idir corcairghorm agus corcra-dhearg.

Dea-bholadh

Dea-bholaithe láidre le himireacha torthaíocha agus/nó mianracha.

Blas

Torthaíoch, le haigéadacht dhea-chothromaithe.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	11,0
Aigéadacht iomlán íosta:	4,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

I bhfíonta faoi bhun 1 bhliain amháin d'aois: 0,7 g/l (11,67 meq/l)

I gcás fíonta atá níos sine ná 1 bhliain amháin: 0,7 g/l (11,67 meq/l) suas le neart alcóil 10 % de réir toirte + 0,06 g/l (1 meq/l) le haghaidh gach céime os cionn 10 % de réir toirte.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

FÍON — Fíonta dearga aosaithe

Saintréithe orgánaileipteacha

Cuma

Baineann raon idir corcairghorm agus dearg leis an dath a bhíonn orthu, agus d'fhéadfadh na fordhathanna is gnách don aosú a bheith orthu. Déine idir measartha agus ard.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe láidre torthaíocha orthu chomh maith le miondifríochtaí a sholáthraíonn an t-adhmad agus/nó beagán mianrachta.

Blas

Bíonn siad dea-struchtúrtha le blas an adhmaid orthu agus bíonn cothromaíocht aigéadachta mhaith acu.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	12,0
Aigéadacht iomlán íosta:	4,0
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	150

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Aigéadacht luaineach uasta:

I bhfíonta faoi bhun 1 bhliain amháin d'aois: 0,7 g/l (11,67 meq/l)

I gcás fíonta atá níos sine ná 1 bhliain amháin: 0,7 g/l (11,67 meq/l) suas le neart alcóil 10 % de réir toirte + 0,06 g/l (1 meq/l) le haghaidh gach céime os cionn 10 % de réir toirte.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh agus srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch:

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc:

— Táirgeacht úsctha uasta: 72 lítear in aghaidh 100 cileagram d'fhíonchaora a bhuantar.

— Tá gá le maothú 7 lá ar a laghad ar chraicne agus fíon oráiste á dhéanamh.

— I gcás fíonta a bhfuil an téarma 'FERMENTADO EN BARRICA' [COIPITHE I mBAIRILLE] ar a lipéad, is é 600 lítear an t-uastuilleadh.

Cleachtas fíoneolaíoch

—

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch:

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Tuairisc:

— Ní mór 95 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta geala a dhéanamh a bheith ó na cineálacha údaraithe.

— Ní fhéadfar an fíon oráiste a dhéanamh ach amháin trí úsáid a bhaint as cineálacha geala, agus ní mór 95 % díobh ar a laghad a bheith ó na cineálacha geala údaraithe.

— Ní mór 95 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta rosé a dhéanamh a bheith ó na cineálacha seo a leanas: Juan García, Rufete, Tempranillo, Garnacha Tinta, Mencía, Bruñal, Syrah, Bastardillo Chico, Tinta Jeromo, Mandón, Gajo Arroba, Malvasía, Verdejo, Albillo Mayor, Albillo Real, Puesta en Cruz agus Tijonera.

— Ní mór 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun fíonta dearga a dhéanamh a bheith ó na cineálacha seo a leanas: Juan García, Rufete, Tempranillo, Garnacha Tinta, Mencía, Bruñal, Syrah, Bastardillo Chico, Tinta Jeromo, Mandón agus Gajo Arroba.

Chun úrfhíon a eastóscadh, ní fhéadfar ach córais mheicniúla a úsáid nach ndéanann damáiste do chodanna soladacha na dtriopall fíonchaor ná nach stróiceann iad. Tá toirmeasc sainráite ar mheaisíní lártheifneora ardluais nó fáisceáin leanúnacha a úsáid.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon/catagóir/cineál

Cineálacha dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	7 000
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon/catagóir/cineál

Cineálacha dearga

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	50,4
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

Gach fíon/catagóir/cineál

Cineálacha geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	10 000
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon/catagóir/cineál

Cineálacha geala

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	72
Uastáirgeacht in aghaidh an aonaid:	heictilítir in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— ALBILLO MAYOR

— ALBILLO REAL

— BRUÑAL — ALBARÍN TINTO

— DOÑA BLANCA — MALVASÍA CASTELLANA

— GAJO ARROBA

— GARNACHA TINTA

— GARRO — MANDÓN

— JUAN GARCÍA

— MENCÍA

— MERENZAO — BASTARDILLO CHICO

— RABIGATO — PUESTA EN CRUZ

— RUFETE

— SYRAH

— TEMPRANILLO

— TIJONERA

— TINTO JEROMO

— VERDEJO

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Tá limistéar geografach an ATFC 'Arribes' lonnaithe in iarthuaisceart chúige Salamanca agus iardheisceart chúige Zamora. Áirítear na bardais a leanas leis:

— Cúige Salamanca:

Ahigal de los Aceiteros, Aldeadávila de la Ribera, Corporario, Fregeneda (La), Hinojosa de Duero, Lumbrales, Masueco, Mieza, Peña (La), Pereña de la Ribera, Puerto Seguro, Redonda (La), San Felices de los Gallegos, Saucelle, Sobradillo, Valdenoguera, Vilvestre, Villar de la Yegua, Villar del Ciervo agus Villarino de los Aires.

— Cúige Zamora:

Abelón, Argañin, Badilla, Carbajosa de Alba, Castro de Alcañices, Cibanal, Cozcurrita, Fariza, Fermoselle, Formariz, Fornillos de Fermoselle, Gamones, Luelmo, Mámoles, Monumenta, Moral de Sayago, Moralina, Pinilla de Fermoselle, Pino, Salto de Castro, Santa Eulalia, Torregamones, Villadepera, Villalcampo agus Villardiegua de la Ribera.

Polagáin 2, 3, 4, 12, 13, 14 agus 16 i mbardas Almaraz de Duero, agus polagán 1 i mbardas Muelas del Pan.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

1. Tá séasúr fáis na bhfíniúnacha, a tharlaíonn ón earrach ar aghaidh (agus a thosaíonn níos luaithe anseo), níos fearr in Arribes del Duero mar go mbíonn leibhéal maith báistí ann, rud a mbaineann na plandaí tairbhe as. Bíonn tionchar ollmhór aige sin ar aigéadacht nádúrtha cheart an fhíona, mar ní gnách di a bheith níos ísle ná 5,5 g/l.

2. Áirithíonn an patrún teochta in Arribes del Duero go n-aibíonn na torthaí go dtí go mbíonn siad foirfe, agus dá bhrí sin bíonn tiúchan níos airde de pholaifeanóil iontu. Athraíonn sé sin próifíl aramatach na bhfíonta, a mbíonn dea-bholaithe ró-aibí, subhúla agus torthaíocha orthu de ghnáth.

3. Tá an léarscáil cineálacha le haghaidh Arribes an-éagsúil agus difriúil le léarscáil cineálacha limistéar eile. Dá réir sin, léiríonn na fíonta próifíl aramatach atá an-uathúil agus baineann tréithe orgánaileipteacha sonracha leo.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Ceannteideal an cheanglais/an mhaolaithe

PACÁISTIÚ AG AN bhFOINSE

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál ceanglais/maolaithe breise

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

Áirithítear buidéalú agus aosú na bhfíonta ina dhiaidh sin leis an bpróiseas fíonóireachta, agus dá bhrí sin ní féidir na saintréithe orgánaileipteacha agus fisiciceimiceacha ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht seo a ráthú ach amháin má tharlaíonn gach ceann de na hoibríochtaí láimhseála fíona laistigh den limistéar táirgeachta. Dá bhrí sin, d'fhonn cáilíocht a chosaint, bunáitíocht a ráthú agus rialaithe a áirithiú, agus ag cur san áireamh go bhfuil buidéalú na bhfíonta a chumhdaítear le ATFC 'Arribes' ar cheann de na pointí criticiúla chun na saintréithe a shainítear sa tSonraíocht Táirge seo a fháil, ní mór an t-oibriú sin a dhéanamh ag fíonghoirt atá lonnaithe ag na monarchana buidéalaithe laistigh den limistéar táirgthe.

Ceannteideal an cheanglais/maolaithe

LIPÉADÚ

Creat dlíthiúil

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú

— Ní mór do bhliain an fhíona a bheith ar an lipéad, fiú mura ndearnadh an fíon a aosú.

— Féadfaidh an téarma 'ROBLE' (OAK) a bheith le feiceáil ar lipéadú na bhfíonta rosé agus dearga, ar choinníoll gur aosaíodh iad ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad i mbairillí darach le linn an táirgthe.

— Féadfar an téarma 'VINO NARANJA' (FÍON ORÁISTE) a úsáid ar na fíonta geala má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa tsonraíocht táirge.

— Féadfar an téarma 'FERMENTADO EN BARRICA' (COIPTHE I mBAIRILLE) a úsáid ar aon cheann de na fíonta má tharlaíonn an coipeadh agus an phróiseáil úrfhíona go fíon i mbairillí darach thar thréimhse a mhaireann 3 mhí ar a laghad.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

http://www.itacyl.es/calidad-diferenciada/dop-e-igp/listado-dop-vinicas